COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Céadaoin 9ú d'Aibreáin 2025**
**4.45in – 6.30in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 9 de Mhárta ag 4.45i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., S. Ó T., P. C., S. Ní F., M. Ó M., P. Ó C. agus G. Ní C..

**Leithscéal ó:** A. B.,

1. **Fáiltiú**

   Chuir Cathaoirleach an Bhoird fáilte roimh na baill agus ghabh sé buíochas leo as ucht a gcuid ama, díograis agus dílseacht do phobal na scoile a léiriú agus iad ag tabhairt faoina gcuid dualgaisí ar Bhord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín. Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh ball nua an Bhord, P. C., mar ionadaí ón Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Ghlac an Bord d'aonghuth le ceapacháin P. C. ar Bhord Choláiste Naomh Feichín.

2. **Miontuairiscí**

   Rinne an Bhord anailís ar na miontuairiscí agus na miontuairiscí aontaithe, mhol S. Ó T. le cuidiú ó M. Ó M. go nglacfar leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile is déanaí, mhol P. Ó C. le cuidiú ó S. Ní F. go nglacfar leo. Tugadh le fios go mbeadh teacht ar pobal na scoile ar na miontuairiscí aontaithe ar suíomh na scoile.

**3. Ag éirí astu**

Ní raibh aon cheo ag éirí astu.

Shocraigh baill an Bhord cur síos a dhéanamh ar a ról ar an mBord agus gearr chuntas a thabhairt ar an scoil mar eolas don Bhall nua, P. C..

**4. Bí Cineálta**

Cuireadh faoi bhráid an Bhord obair na foirne i dtaobh cur chuige Nósanna Imeachta, Bí Cineálta. Chuaigh an rúnaí tríd an obair agus an oiliúint na foirne ar Bí Cineálta go dtí seo. Déanadh cur síos ar na Nósanna Imeachta atá romhainn maidir le cur i gcríoch na hoibre.

Pléadh freisin go mbeadh an Cód Iompar á uasdátú don scoilbhliain seo chugainn.

**5. Comhfhreagras**

Ciorclán na Roinne, Torthaí Scrúdaithe na hArdteiste agus na Sraithe Sóisearaí, Tuairisc Athena, BOOGR, CAO, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM, AOG

Rinne an Príomhoide eolas a thabhairt ar thorthaí na hArdteiste agus na sraithe Sóisearaí agus déanadh mion-anailís orthu. Tugadh aiseolas ar chúrsaí na ndaltaí a thug faoin Ardteist agus tá faoi lámh acu théis na hArdteiste.

## 6. Tuairisc an Rúnaí

**Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Seó Nollag, Clár Vacsáiniú, Cispheil Buachaillí, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Lá Folláine, Lá Ióga, Ceardlann Píotsa, Blitz Cispheile, Corn Uí Loideáin, BOOGR Ceiliúradh na hEalaín, Múintearas, Dráma Ealaín na Gaeltachta, Seó Bóthar,

Bliain 2: Seó Nollag, Cispheil Buachaillí, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Lá Folláine, Lá Ióga, Ceardlann Píotsa, Blitz Cispheile, Corn Uí Loideáin, BOOGR Ceiliúradh na hEalaín, Seó Bóthar

Bliain 3: Seó Nollag, Cispheil Buachaillí, Réamhscrúduithe, Lá Folláine, Lá Ióga, Ceardlann Píotsa, Dúshlán Cócaire na nÓg, Blitz Cispheile, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Scrúdú Praiticiúil Eacnamaíocht Bhaile,

Bliain 4: Seó Nollag, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Cispheil Buachaillí, Lá Folláine, Lá Ióga, Ceardlann Píotsa, Blitz Cispheile, Cainteoir Printíseachta, Aoichainteoirí ó Ollscoileanna Náisiúnta, Blascheachtanna Fisice, Clár na gComhlachtaí, Coláiste an Chreagáin, Blascheachtanna Ceimice, Coláiste Uisce, Taithí Oibre,

Bliain 5: Seó Nollag, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Cispheil Buachaillí, Lá Turgnamh Ceimice, Lá Folláine, Lá Ióga, Ceardlann Píotsa, Blitz Cispheile, Cainteoir Printíseachta, Coláiste an Chreagáin, Aoichainteoirí ó Ollscoileanna, BOOGR Ceiliúradh na hEalaín, Ard Fheis na nÓg, Taithí Oibre Nasc, Garda Síochána (Dalta amháin), Seó Bóthar,

Bliain 6: Seó Nollag, Cispheil Buachaillí, Réamhscrúduithe, Lá Folláine, Lá Ióga, Ceardlann Píotsa, Blitz Cispheile, Cainteoir Printíseachta, Coláiste an Chreagáin, Aoichainteoirí ó Ollscoileanna, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Scrúdú Praiticiúil Ceol,

**Forbairt Gairmiúil**

**Clár Droichead – B. Ní A. (Meántóir), M. Nic an M. (Athnuachán –Droichead déanta), Múinteoir Nua-Cháilithe A. Ní C. – Droichead críochnaithe**

**Bí Cineálta – G Ní C agus M N M**

**Mapáil Soláthair - C Ó L**

**Bitheolaíocht – M N M, F Ní C, A Ní F**

**Grafaic – M Ó M**

**Ceardlann Treorach – M N M**

**Ceimic – Á N F**

**Leathlá foirne – Bí Cineálta**

**2 uair Foirne – Mapáil Soláthair**

**Cúrsa Oiliúna don Bhord Bainistíochta – G Ní C, S Ní F & M Ó M i láthair.**

**Fás agus Forbairt**

**Tá 61 dalta cláraithe don scoilbhliain 2024/'25, naonúr dalta sa chéad bhliain 2025/26**

**Comhpháirtíocht agus Nascanna**

NEPS, COGG, JCT, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Comhairle na dTuistí.

7. **Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Tugadh le fios do na Bhaill nach raibh aon cheo le tuairisciú

8. **Tuairisc ar Bhulaíocht**

Tugadh le fios don bhord nach raibh rud le tuairisciú.

9. **Tuairisc ó Coiste na dTuistí**

Cuireadh faoi bhráid an Bhord miontuairiscí ó Chomhairle na dTuismitheoirí.

**10. Tuairisc ar Sláinte agus Sábháilteacht**

Tugadh le fios go bhfuil Sinéad Ní Fhlatharta mar ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta na foirne ar scoil.

**11. Aon rud eile**

Cuireadh fios don Bhord go bhfuil S. Ní F. ceaptha mar Príomhoide Cúnta II, C. Ó C. mar Comhordaitheoir Clár agus M. N M. mar Príomhoide Cúnta I sealadach.

Tugadh le fios don Bhord go bhfuil múinteoir Fraincise cúnta ceaptha don scoilbhliain seo chugainn ag tosú ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair.

Freisin tugadh le fios go mbeadh grúpa dalta ag dul go Cavaillon, 20 dalta agus beirt mhúinteoir agus go mbeadh 28 daltaí agus triúr ag filleadh orainn i lár Bealtaine.

Rinne gach ball den Bhord gach rath a ghuí ar na daltaí agus iad sa Fhrainc.

**12. Críoch**

Rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an gcruinniú.

Sínithe: Tomás Ó Cleisdealbhá  Dáta: 28/5/25

**Cathaoirleach**